Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
National Centre for Guidance in Education
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# MO ROGHANNA
## PLEAN DON CHEACHT



# MO ROGHANNA - PLEAN DON CHEACHT

TEIDEAL AN CHEACHTA:
**MO ROGHANNA**

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, táthar chun:

- Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil do na daltaí nuair atá an mheánscoil críochnaithe acu.

## TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Na conairí éagsúla atá ann do na daltaí a leanúint nuair atá siad críochnaithe sa mheánscoil.

## NAISC LE SCILEANNA LÁRNACHA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

- An Chumarsáid (scileanna éisteachta agus conas tú féin a chur in iúl, an plé agus an díospóireacht, úsáid teanga).
- An Fhéinbhainistíocht (Eolas a bheith agat fút féin, cinntí breithnithe a dhéanamh, teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tú féin agus do chuid foghlama a bhainistiú).
- Coinneáil Slán (A bheith sláintiúil, a bheith sóisialta, a bheith sábháilte, a bheith freagrach).
- A bheith cruthaitheach (Roghanna agus bealaí malartacha eile a scrúdú, smaointe a chur i bhfeidhm agus bearta a dhéanamh).
- Ag obair i gcomhar le daoine eile (Ag foghlaim le daoine eile, ag tabhairt urraim don éagsúlacht, an dea-chaidreamh a fhorbairt, an comhoibriú).
- Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú (faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh, a bheith fiosrach, an smaointeoireacht chriticiúil, an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun eolas a rochtain, a bhainistiú agus a roinnt)

## NAISC LE RÁITIS FOGHLAMA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Sa cheacht seo beidh na daltaí ag

- Gníomhú chun a fholláine, agus a shláinte féin, agus folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint agus a chur chun cinn.
- Forbairt an tuiscint, eolas agus na scileanna, luachanna agus údar spreagtha atá de dhíth chun maireachtáil ar bhealach atá inbhuanaithe.
- Smaoineamh a chur ar aghaidh ó chéim an choincheapa go dtí an chéim ina gcuirtear i gcrích é.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO ROGHANNA - PLEAN DON CHEACHT

## NAISC LEIS AN TREOIR SCOILE UILE

**Mé Féin a Fhorbairt**

Sa cheacht seo beidh na daltaí ag

- Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a chothabháil.
- Idirghníomhú éifeachtach le daoine eile.
- Forbairt & fás ar feadh an tsaoil.
- Beidh na daltaí in ann a gcáilíochtaí pearsanta, a meoin agus a láidreachtaí, a spéiseanna agus an tionchar a imríonn siad ar an iompar a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu.
- Beidh na daltaí in ann scileanna sóisialta éifeachtacha a léiriú agus iad ag comhoibriú, ag obair i gcomhar le chéile agus ag idirbheartaíocht lena bpiaraí agus leis na múinteoirí.
- Beidh na daltaí in ann páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí agus tascanna chun an fhorbairt mhothúchánach, shóisialta, chognaíoch agus choirp a fheabhsú.
- Lorg cúnamh, nuair is gá.

**Mo Chonair Ghairme a Fhorbairt:**

- Scrúdaigh na riachtanais oideachais atá i bhfeidhm chun an breisoideachas a dhéanamh & chun gairm a bhfuil spéis agat iontu le haghaidh a leanúint - Faisnéis rochtana ar an staidéar breise / ar an fhostaíocht / ar phrintíseachtaí
- Scrúdaigh uirlisí agus acmhainní cuardaigh gairme éagsúla
- Déan cur síos ar thábhacht rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le gairmeacha (e.g. ar líne, tuismitheoirí, múinteoirí, pearsanra scoile, oibrithe pobail srl), agus ar na bealaí chun an rochtain sin a fháil
- Sainaithin conas teacht ar fhoinsí faisnéise
- Cinntí eolasacha a dhéanamh ar dheiseanna oideachais / oiliúna a bheidh ann amach anseo trí úsáid a bhaint as faisnéis a bhaineann le gairmeacha, agus na hábhair spéise agus an cumas ar leith atá acu curtha san áireamh.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO ROGHANNA - PLEAN DON CHEACHT

PLEAN DON CHEACHT:
**MO ROGHANNA**

## ÁBHAIR A THEASTAÍONN DON CHEACHT SEO

### AN MÚINTEOIR

- PowerPoint
- Bileoga Oibre

### NA DALTAÍ

- Bileoga Oibre

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, táthar chun:

- Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil do na daltaí nuair atá an mheánscoil críochnaithe acu.

## TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Na conairí éagsúla atá ann do na daltaí a leanúint nuair atá siad críochnaithe sa mheánscoil.

## ‘AN DUÁN’ A SHEOLADH

SMAOINIGÍ, TÉIGÍ IN BHUR MBEIRTEANNA, AGUS ROINNIGÍ BHUR SMAOINTE! Déanann na daltaí plé ar ‘Cad iad na roghanna a mheasann siad atá ar fáil acu nuair atá an scoil críochnaithe acu?’

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# MO ROGHANNA - PLEAN DON CHEACHT

## ÁBHAR AN CHEACHTA

| BEARTA DON MHÚINTEOIR | BEARTA DO NA DALTAÍ |
| --- | --- |
| Cuireann an múinteoir na daltaí ar an eolas faoi na roghanna a bheidh ar fáil dóibh nuair atá an scoil críochnaithe acu. I measc na roghanna siúd, áirítear:<br>• An tOideachas Tríú Leibhéal<br>• Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLCanna)<br>• An Phrintíseacht<br>• Cláir Iarchéime<br>• Cláir arna Urrú ag an Fhostóir<br>• An Staidéar Thar Lear<br>• An Obair<br>• An Taithí Oibre<br>• An Obair Dheonach<br>• Briseadh Bliana<br>• An Ardteistiméireacht a Dhéanamh den Athuair | Tugtar faisnéis do na daltaí faoi na roghanna a bheidh acu tar éis dóibh an scoil a bheith críochnaithe acu. |
| Deir an múinteoir leis na daltaí fhéachaint ar a mbileog oibre chun smaoineamh ar chuid de na roghanna ar mhaith leo a iniúchadh nuair atá an scoil críochnaithe acu. | Déanann na daltaí na bileoga oibre chun chuid de na roghanna ar mhaith leo a iniúchadh nuair atá an scoil críochnaithe acu a chomhlíonadh. |

## AN MÉID ATÁ FOGHLAMTHA A ATREISIÚ

Faoi dheireadh, déanann an múinteoir aidhmeanna an cheachta a athscrúdú.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
National Centre for Guidance in Education
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# MO ROGHANNA

## MO SHLÍ SA SAOL A DHÉANAMH AMACH SA SAOL TAR ÉIS DOM AN MHEÁNSCOIL A FHÁGÁIL



## AIDHMEANNA



Sa cheacht seo, déanfaidh tú:

- Scrúdú ar na roghanna a bheidh ar fáil duit nuair atá an mheánscoil críochnaithe agat.

## TORTHAÍ



Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:

- Na conairí éagsúla a bheidh ann duit a leanúint nuair atá tú críochnaithe sa mheánscoil.




© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## SMAOINIGÍ



## TÉIGÍ IN BHUR MBEIRTEANANA



## AGUS ROINNIGÍ BHUR SMAOINTE!






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# LÉARGAS GASTA

Is féidir saol sona a bheith mar thoradh ar go leor conairí éagsúla.
I measc cuid de do roghanna atá agat, tá:

An tOideachas Tríú Leibhéal



An Obair



Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLCanna)




An Taithí Oibre



An Phrintíseacht



An Obair Dheonach



Cláir Iarchéime



Briseadh Bliana



Cláir arna n-Urrú ag an Fhostóir



An Ardteistiméireacht a Dhéanamh den Athuair



An Staidéar Thar Lear





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# OIDEACHAS TRÍÚ LEIBHÉAL




Is éard a gcuimsítear san earnáil oideachais tríú leibhéal in Éirinn ná ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí oideachais - ar a dtugtar institiúidí ardoideachais nó IAOanna le chéile.



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# OLLSCOIL











© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA

Tá roinnt Institiúidí Teicneolaíochta lonnaithe timpeall na tíre







© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# AGUS TÁ A LÁN ROGHANNA EILE ANN





Tá roinnt áiteanna eile in Éirinn inar féidir leat breisoideachas a fháil. Tá Coláiste Mhuire gan Smál lonnaithe i Luimneach, mar shampla. Pléigh roghanna eile atá ann le do mhúinteoir.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA (PLCanna)




- Roghnaíonn cuid mhaith daltaí cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta minic go leor.
- In go leor de na cúrsaí seo, bíonn an rogha ann dul ar aghaidh go dtí Ollscoil nó Institiúidí Teicneolaíochta ina dhiaidh.
- Is iontach na PLCanna mar bhealaí isteach in institiúidí tríú leibhéal agus soláthraíonn siad cáilíochtaí dá gcuid féin a sheasfaidh duit níos déanaí sa saol.
- Sna PLCanna faigheann tú cabhair chun ullmhú do shaol na hoibre.

PLC COURSES



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# PRINTÍSEACHTAÍ




- Nuair a roghnaítear printíseacht a dhéanamh, bíonn meascán den obair íoctha agus den teagasc i gceist.
- Le printíseachtaí, cuirtear bealaí isteach i ngairmeacha ceardaíochta ar fáil duit, dála na saoirseachta, na pluiméireachta, na miotalóireachta, oibreacha leictreacha srl.
- Tá go leor printíseachtaí nua ann de réir a chéile freisin i réimsí dála na cuntasaíochta, na baincéireachta, an árachais srl.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# STUDY ABROAD




Roghnaíonn go leor mac léinn Éireannacha staidéar a dhéanamh thar lear!

- Tá go leor roghanna ar fáil san Eoraip ... is féidir leat staidéar a dhéanamh ar chúrsa, trí Bhéarla, i go leor Tíortha Eorpacha lena n-áirítear an Bheilg, an Ísiltír, an Iorua ... agus in go leor tíortha eile anuas air sin.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CLÁIR ARNA N-URRÚ AG AN FHOSTÓIR



- Is éard atá i gceist leis seo ná clár ina n-oibríonn an iarrthóir don chuideachta agus teagasc ar fáil aige ag an am céanna.
(i.e. san Ollscoil).
- Mar shampla [www.centralbank.ie](www.centralbank.ie)


© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# OBAIR



- Cé gur ionann cúrsa, printíseacht nó PLC agus conaire chun post a fháil, b'fhéidir gur mhaith leat dul díreach isteach sa lucht saothair.




Tá na suíomhanna gréasáin ag seo a leanas áisiúil chun post a chuardach in Éirinn:

WWW.JOBS.IE

WWW.JOBSIRELAND.IE

WWW.SIMPLYHIRED.IE

WWW.IRISHJOBS.IE




© Copyright National Centre for Guidance in Education 2020

# AN TAITHÍ OIBRE

- Uaireanta, bíonn sé deacair post a fháil díreach tar éis don mheánscoil a bheith críochnaithe agus is féidir an taithí oibre a bheith de chúnamh dá bharr.
- Chomh maith le léargas a thabhairt duit ar an saol oibre, tá sé cuidiúil leat chomh maith chun naisc a leagan síos.









© Copyright National Centre for Guidance in Education 2020

# AN OBAIR DHEONACH



- Is féidir leat obair dheonach a dhéanamh sa cheantar áitiúil, in áit eile sa tír, nó i dtír eachtrach fiú.
- Is féidir le hobair dheonach a bheith cuidiúil duit chun scileanna nua a fhoghlaim agus chun aithne a chur ar theagmhálaithe éagsúla.






© Copyright National Centre for Guidance in Education 2020

# BRISEADH BLIANA



- Ní bhraitheann roinnt mac léinn go bhfuil siad réidh don chéad chéim eile ina gcuid oideachais díreach tar éis dóibh an mheánscoil a chríochnú.
- Rogha amháin atá ann dóibh is ea “briseadh bliana” - briseadh bliana a thógáil idir deireadh na scoile agus an chéad chéim eile.
- Le linn na bliana sin, d’fhéadfá do chuid spéiseanna a iniúchadh trí eispéiris dheonacha a fháil, post a fháil nó as a bheith ag taistil.






© Copyright National Centre for Guidance in Education 2020

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT A DHÉANAMH DEN



Dá mba rud é nár bhfuair tú na torthaí a bhí tú ag iarraidh nó a bhí ag teastáil uait san Ardteistiméireacht, tá an rogha agat an scrúdú a dhéanamh den athuair. B’fhéidir go mbeidh tú in ann an Ardteist a athdhéanamh i do scoil féin nó i gcoláistí nó i scoileanna speisialaithe eile.






© Copyright National Centre for Guidance in Education 2020

# ANOIS, BAIN TRIAIL AS TÚ FÉIN...

- Smaoinigh ar chuid de na roghanna ar mhaith leat triail a bhaint astu nuair an scoil críochnaithe agat (féach an bhileog oibre).





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# AN MÉID ATÁ FOGHLAMTHA A ATREISIÚ

**An bhfuil tú in ann...**

- Na conairí éagsúla a bheidh ann duit a leanúint nuair atá tú críochnaithe sa mheánscoil.




© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
National Centre for Guidance in Education
careers portal.ie
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# MO ROGHANNA
## - BILEOG FÉINMHACHNAIMH

Breac síos cuid de na roghanna ar mhaith leat triail a bhaint astu nuair an scoil críochnaithe agat sna spásanna ag seo thíos agus luaigh an fáth gur roghnaigh tú iad! Breac síos conas is féidir leat teacht ar thuilleadh eolais faoi na roghanna sin chomh maith!




© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020